

AN CHAIRT EORPACH AR THEANGACHA
MIONLACH NÓ RÉIGIÚNACHA

AN ROINN AIRGEADAIS AGUS PEARSANRA

TREOIR AR CHOMHLÍONADH GHEALLTANAIS
RIALTAS NA RA MAIDIR LEIS AN GHAEILGE
AGUS LE HULTAIS

Eanáir 2005

CLÁR ÁBHAR

Leathanach

Alt I	Réamhrá	3
Alt II	Struchtúr na Cairte	4
Alt III	CUID II den Chairt	5
Alt IV	CUID III den Chairt, Airteagal 10 san áireamh	6
Alt V	Cóid Chúirtéise	10
Alt VI	Róil, Freagrachtaí agus Oibleagáidí	11
Alt VII	Ceisteanna coitianta	13
AGUISÍN C	Cód cúirtéise don Ghaeilge na RAP	16
AGUISÍN D	Cód Cúirtéise don Ultais na RAP	25

ALT A HAON RÉAMHRÁ

1. Soláthraíonn an treoir seo, a cheadaigh Ian Pearson, FP, comhairle ghinearálta polasaí agus faisnéis ar chomhlíonadh gealltanais agus oibleagáidí an Rialtais maidir leis an Ghaeilge agus le hUltais, a rinneadh nuair a síníodh agus nuair a daingníodh An Chairt Eorpach ar Theangacha Mionlach nó Réigiúnacha (An Chairt).
2. Is coinbhinsiún idirnáisiúnta í An Chairt a dearadh chun teangacha réigiúnacha nó mionlach a chosaint atá mar ghné bhagartha d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa. Ní bhunaíonn sí cearta aonair nó comhchoiteanna do chainteoirí na dteangacha réigiúnaigh nó mionlaigh.

Eolas faoin Chairt

- Shínigh Rialtas na RA An Chairt ar 2 Márta 2000. Daingníodh í ar 27 Márta 2001, agus tháinig sí i bhfeidhm ar 1 Iúil 2001. Ba é grúpa idir-rannach cairte RCEF a bhí i gceannas agus a dhréachtaigh agus a d'aontaigh treoir ghinearálta cur i bhfeidhm na Cairte a cheadaigh an Stát-Rúnaí i Mí Eanáir 2004. Bhí ar ranna an treoir a dhéanamh oiriúnach de réir a bpolasaí agus a gcúinsí féin.
 - Tá an Chairt ina ceangal ar an dá stát a dhaingigh í. Mar sin, tá impleachtaí ann do ranna Thuaisceart Éireann uile agus do chomhlachtaí bainteacha.
 - Baineann sí le Gaeilge agus le hUltais i dTuaisceart Éireann.
 - **Ní chlúdaíonn** sí teangacha comharthaíochta nó teangacha na bpobal eitneach ar mionlaigh iad.
 - Ní mór do Rialtas RA tuairiscí tréimhsiúla a sholáthar do Choistí Saineolaithe Chomhairle na hEorpa (Comex) a thuairiscíonn ar gach Stát chun a oibleagáidí Cairte a chomhlíonadh.
3. Tiocfaidh an treoir i bhfeidhm ar 31 Eanáir 2005.
 4. Chun tuilleadh eolais ar cheisteanna Cairte a fháil, gabh i dteagmháil le Shirley McCullough, Aonad Comhionannais agus Iolrachais ar 028 91858046.

ALT A DÓ STRUCHTÚR NA CAIRTE

5. Tá suntas ar leith le trí phársaí den Chairt.

- **Cuid I** – Clúdaíonn **'Forálacha ginearálta'** ceisteanna amhail mínithe, cúraim, socruithe praiticiúla srl. Cuireann sí ceangaltas ar Rialtas na RA le cinntiú go gcuirtear in iúl do na húdaráis, do na heagraíochtaí agus do dhaoine bainteach léi faoi chearta agus dhualgais bunaithe ag an Chairt
- **Cuid II** – **'Cuspóirí agus Prionsabail'** pléitear leis seo go mion in Alt a Trí den Treoir seo agus, ar mhaithe lenár gcricíoch, téann sé i bhfeidhm ar an Ghaeilge agus ar Ultais.
- **Cuid III** – **'Bearta chun Teangacha Réigiúnacha nó Mionlach i saol Poiblí a chur chinn cinn'** istigh anseo cuirtear síos go mion ar chúraim chun tacú le teangacha agus faoi láthair ní théann seo i bhfeidhm ach ar an Ghaeilge amháin i dTuaisceart Éireann. Pléitear leis seo i Rannóg a Ceathair thíos.

6. Is féidir teacht ar théacs iomlán na Cairte agus Doiciméad Mínithe a sholáthair Comhairle na hEorpa ag:

<http://conventions.coe.int/Treaty/EN/cadreprincipal.htm> (uimhir chonartha ETS 148).

ALT A TRÍ
CUID II DEN CHAIRT

7. Cuid II den Chairt, *Spríocanna agus Prionsabail*, téann seo i bhfeidhm ar an Ghaeilge agus ar Ultais. Tugann se chun suntais an gá le polasaithe, le reachtaíocht agus cleachtas a bhunú ar na prionsabail chun úsáid na Gaeilge agus na Ultaise a aithint, a chur chun cinn agus a spreagadh chun an dá theanga a chaomhnú agus a chosaint. Ba chóir go nglacfadh na ranna agus a gcomhlachtaí mianta chainteoirí na dteangacha san áireamh agus iad ag pleanáil a ngníomhaíochta. Cuireann Cuid II den Chairt an fhreagracht ar ranna agus a gcomhlachtaí bainteacha chun bheith forghníomhach leis an Ghaeilge agus le hUlltais a spreagadh.
8. Mar shampla, éilíonn Cuid II den Chairt ar chomhlachtaí:
- Srianadh ar úsáid na dteangacha a chealú,
 - A cinntiú nach mbíonn úsáideoirí na dteangacha mionlach eisiata ón tsochaí
 - Úsáideoirí na dteangacha a chuimsiú i bpróisis na cinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar a dteanga
 - Dul i mbun **'gnímh dhaingin'** le teangacha mionlach a chur chun cinn
 - Le cinntiú go bpléitear le teangacha mar is cuí laistigh den chóras oideachais.
9. Baineann Cuid II le gach polasaí, reachtaíocht agus cleachtas rialtais, ní bhaineann seo leo siúd amháin a thagraíonn go háirithe don Ghaeilge nó d'Ulltais.

10. Istigh i gCuid III tá liosta de ghníomhaíochtaí ar leith is féidir a dhéanamh le tacú le teanga. Nuair atáthar ag comhlíonadh réimsí díobh siúd do theanga, deirtear go bhfuil 'stádas Chuid III bainte amach' ag an teanga sin. Léiríonn an stádas seo forbairt teanga, ní léiríonn sé an fiúntas atá léi. Tríd an 'gníomh daingean' a iarrtar faoi Chuid II, is féidir le teangacha bheith ag súil le forbairt go dtí go mbaineann siad stádas Chuid III amach. Ní stopann forbairt teanga nuair a bhaintear Cuid III amach, agus is féidir glacadh le tuilleadh oibleagáidí Cairte a luaithe a bhíonn gníomhaíocht bhreise faoi lán seoil.
11. I dTuaisceart Éireann faoi láthair níl stádas chuid III bainte amach ach ag an Ghaeilge amháin. Baineann tríocha foráil ag clúdach sé Airteagal i dtaca le riarachán Thuaisceart Éireann, leis an Ghaeilge. Baineann sé cinn eile le ceisteanna forchoimeáda. Tá siad liostaithe in **Aguisín B**.
12. Mar a leanas atá freagrachtaí chun Cuid III (Airteagail 8– 14) a chur i ngníomh i dTuaisceart Éireann:

<i>FORÁIL</i>	<i>ÁBHAR</i>	<i>FREAGRACHT</i>
<u>Cuid III</u>		
Airteagal 8	Oideachas	RO, REF
Airteagal 9	Údaráis bhreithiúnacha	RCEF, Seirbhís Chúirte TÉ
Airteagal 10	Údaráis riaracháin agus seirbhísí poiblí	Gach Roinn
Airteagal 11	Na meáin chumarsáide	RECF i gceannas
Airteagal 12	Gníomhaíochtaí agus áiseanna cultúrtha	RECF i gceannas

Airteagal 13	An saol eacnamaíoch agus sóisialta	RCEF, RFTF, ROF
Airteagal 14	Malartuithe trasteorann	OTÉ

13. Is as Cuid III, Airteagal 10 (*Údaráis riaracháin agus seirbhísí poiblí*) a éiríonn an chuid is mó d'impleachtaí na cairte don fhoireann in RAP iad ag déileáil leis an phobal, agus tá siad leagtha amach i bparagraif 14 go dtí 16 thíos.
14. Laistigh de dhúichí riaracháin an Stáit ina gcosnaíonn líon na gcónaitheoirí, ar úsáideoirí teangacha réigiúnacha nó mionlach iad, na himeachtaí sonritha thíos agus de réir cúinsí gach teanga, geallann na Páirtithe, oiread agus atá seo réasúnta:
- 1 a(iv) le cinntiú go dtig le húsáideoirí teangacha réigiúnacha nó mionlach iarratais béil nó scríofa a thabhairt sna teangacha seo;
 - 1 c cead a thabhairt do na húdaráis riaracháin doiciméid a dhréachtú i dteanga réigiúnach nó mhionlaigh
15. Maidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ina bhfuil an méid sin cónaitheoirí ina gcríoch ar úsáideoirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iad a chosnódh na bearta sonritha thíos, gabhann na Páirtithe ar lámh na nithe a leanas a cheadú agus/nó a spreagadh:
- 2b an fhéidearthacht d'úsáideoir teanga réigiúnaí nó teanga mhionlaigh iarratais béil nó scríofa a chur isteach sna teangacha sin;
 - 2e úsáid na dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh ag údaráis réigiúnacha i ndíospóireachtaí ina gcomhthionóil, gan úsáid teangacha oifigiúla an Stáit a eisiáimh, áfach;

- 2f úsáid na dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh ag údaráis áitiúla i ndíospóireachtaí ina gcomhthionóil, gan úsáid teangacha oifigiúla an Stáit a eisiáimh, áfach;
- 2g foirmeacha traidisiúnta agus ceartfhoirmeacha de logainmneacha i dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh a úsáid nó a chur in oiriúint, más gá, in éineacht leis an ainm sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla.

16. Maidir le seirbhísí poiblí arna gcur ar fáil ag na húdaráis riaracháin nó ag daoine eile ag gníomhú thar a gceann, gabhann na Páirtithe ar láimh, ar an chríoch ina n-úsáidtear teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, de réir staid gach teanga, agus a mhéad is féidir é ar bhonn réasúnta:

- 3 c úsáideoirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a cheadú iarratas a chur isteach sna teangacha sin;
- 4. D'fhonn forálacha ailt 1, 2 agus 3 a chur i bhfeidhm ar glacadh leo, gabhann na Páirtithe ar láimh ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh:
 - 4a aistriúchán nó teangaireacht a dhéanamh de réir mar is gá;

17. De réir na Cairte is gá le húdaráis phoiblí úsáid nó glacadh le hainmneacha teaghlach a cheadú sa teanga réigiúnach nó mhionlaigh, ar iarratas na ndaoine úd lena mbaineann sé.

18. Tá sé soiléir in airteagal 10 go mbíonn gá le húsáideoirí Gaeilge bheith in ann iarratais i nGaeilge a chur faoi bhráid Ranna Rialtais. Dá réir sin bíonn ar na húdaráis an acmhainn a bheith acu chun aistriú agus teangaireacht a dhéanamh i nGaeilge. De réir comhairle dlí, i gcomhthéacs cur i bhfeidhm Airteagal 10, is gá go mbíonn na nithe a leanas ag údaráis riaracháin:

- An acmhainn a bheith acu foirm réigiúnach na dteangacha mionlaigh i gceist a úsáid (.i. Gaeilge).

- An acmhainn a bheith acu úsáid na dteangacha mionlaigh laistigh dá n-údaráis a cheadú.
- An acmhainn a bheith acu le déileáil le cur isteach iarratas sna teangacha.
- An acmhainn a bheith acu doiciméid oifigiúla a fhoilsiú sna teangacha ar leibhéal ár riaracháin réigiúnaigh agus ag leibhéal údaráis áitiúil i.e. comhairlí ceantair
- An cumas chun úsáid teangacha den chineál sin sna tionóil ionadaíochas de dhíospóireachtaí an riaracháin agus údarás áitiúil.
- An cumas a bheith acu úsáid ainmneacha teaghlaigh agus logainmneacha etc. i dteangacha réigiúnacha agus mionlaigh a éascú (gan úsáid na teangacha oifigiúla bheith eisiata).

ALT A CÚIG CÓID CHÚIRTÉISE

19. Beidh gá le cód cúirtéise ag foirne, a mbíonn teagmháil acu le baill an phobail, ar mian leis na baill sin a ngnó a dhéanamh i Gaeilge nó in Ultais, le cuidiú leo a ndualgais a chomhlíonadh. Tá Chóid Cúirtéise ar fáil don Ghaeilge agus d'Ulltais ag **Aguisíní A agus B**

20. Tá cód na Gaeilge bunaithe ar oibleagáidí Airteagal 10, agus cód Ulltaise bunaithe ar anailís shainiúil ar fhoráil Airteagal 10 ar féidir iad a chur i bhfeidhm maidir le hUlltais faoi láthair.

21. Cé go gcuireann an Chairt síos níos mine ar oibleagáidí maidir leis an Ghaeilge, ba chóir do ranna agus comhlachtaí na prionsabail chéanna de chúirtéis agus de mheas, a bhuntacaíonn an Chairt, a chur i bhfeidhm d'Ulltais. Déantar iad a spreagadh chun freagra dearfach a thabhairt ar iarratais úsáid Ulltaise, de réir sárchleachtais do chúram custaiméirí laistigh de mheon Cuid II den Chairt.

ALT A SÉ

RÓIL, FREAGREACHTAÍ AGUS OIBLEAGÁIDÍ

22. Is ar na ranna féin atá an fhreagracht chun a straitéisí féin a chur le chéile agus iad a chur i bhfeidhm chun a ngealltanais den Chairt a chomhlíonadh. Le linn forbairt na straitéisí úd is gá do ranna agus do chomhlachtaí bainteacha:
- Feidhmiú laistigh de mheon na Cairte, mar a léirítear i gCuid II.
 - Na hoibleagáidí ar leith faoi Chuid III den Chairt a comhlíonadh.
 - A chinntiú go bhfuil **gach** ball foirne eolach ar fhorálacha na Cairte úd a bhaineann leis an Ghaeilge / le hUltais agus fios a bheith acu cad é mar a chuirfidh a roinn iad i bhfeidhm.
 - Comhairle dlí a iarraidh má bhíonn deacrachtaí ann le gnéithe lánroghnacha den Chairt.
23. Cé go gcruthaíonn an Chairt oibleagáidí dlíthiúla do ranna agus do chomhlachtaí bainteacha, ceadaíonn Codanna II agus III lánrogha agus léirmhíniú. Tá sé riachtanach go mbíonn ranna agus comhlachtaí bainteacha soiléir agus comhsheasmhach lena gcinnteoireacht. Ba chóir go mbeadh siad in ann a réasúnaíocht chun tabhairt faoi ghníomhú nó gan tabhairt faoi ghníomhú ar réimse éigin trí úsáid teanga ar leith a mhíniú,
24. Ba chóir d'fheidhmeannaigh agus iad ag déanamh athbhreithniú ar chlár nó ag forbairt clár, ag déanamh cinntí ar an dóigh leis an lánrogha a chur i bhfeidhm, machnamh a dhéanamh ar:
- Conas is féidir le polasaithe agus le cláir cur le spriocanna na Cairte ar chothabháil, ar chosaint agus ar chur chun cinn na Gaeilge agus Ultaise.
 - Éileamh ar úsáid na Gaeilge agus Ultaise
 - Luach ar airgead
 - Fasaigh bunaithe ag a n-eagraíocht féin nó ag ranna agus comhlachtaí bainteacha eile.

- Conas is féidir le dlí riaracháin náisiúnta, mar shampla, reachtaíocht chearta daonna nó reachtaíocht chomhionannais, dul i bhfeidhm ar chinntí.
- Go mb'fhéidir go mbeadh cinntí déanta ag ranna maidir leis an Chairt mar ábhar ag agóid dhlíthiúil.
- Cé chomh réasúnta is atá gníomhaíocht ar leith, ag glacadh fachtóirí amhail a mhéid a úsáidtear an teanga agus an comhthéacs ina húsáidtear í san áireamh.

ALT A SEACHT
CEISTEANNA COITIANTA

Chun mo chuid oibleagáidí faoin Chairt a chomhlíonadh:

An bhfuil orm gach rud a aistriú go Gaeilge nó Ultais?

25. Níl. Ba chóir duit tosaíocht a thabhairt do dhoiciméid gur dócha go mbeadh tábhacht ar leith leo do chainteoirí Gaeilge nó Ultaise, mar shampla: doiciméid pholasaí teanga; doiciméid ar dócha a léifear agus a úsáidfear iad go ginearálta; nó iad siúd a chuirfidh le cur chinn cinn, cothabháil and cosaint ceachtar acu teanga. Níl pleananna ar bith chun foirmeacha reachtúla nó doiciméid teicniúla a chuirtear ar fáil i nGaeilge nó in Ultais faoi láthair, cé gur chóir glacadh le heolas a sholáthar i nGaeilge nó in Ultais ar fhoirmeacha Béarla.

Cad iad na doiciméid ba chóir dom a fhoilsiú i nGaeilge agus in Ultais?

26. CUID III Airteagal 9.3 - déanann na hÚdaráis Bhreithiúnacha é ina **oibleagáid** foilsiú de ‘ na téacsanna reachtúla náisiúnta is tábhachtaí agus iad a bhfuil baint acu le húsáideoirí na teangacha úd’.

Beadh sé **ina dhea-chleachtas** le cinntiú go bhfoilsítear eochaireolas i dteangacha eile nach Béarla iad. Tá sé faoi gach roinn féin an cinneadh a dhéanamh:

- Na heochair-theachtaireachtaí ba mhaith leo a chur in iúl dá gcustaiméirí éagsúlachta
- Na huirlisí cumarsáide nó margaíochta is éifeachtaí chun a dteachtaireacht a chur in iúl dá spriocghrúpaí – páipéar bunaithe, idirlíon, teilifís, raidió, preas, leictreonach. Ní gá go gciallaíonn foilsitheoireacht clódóireacht.
- An rud is mó is dócha ba mhaith lena gcustaiméirí a fheiceáil i nGaeilge nó in Ultais.

27. D'ullmhaigh OCALCA treoir do gach roinn SSTÉ ar “Eolas a dhéanamh Insroichte”. Aibhseoidh seo dea-chleachtas margaíochta agus cumarsáide bainteach le gach teanga an Ghaeilge agus Ultais san áireamh.

Cad iad na cineálacha doiciméad a d'fhoilsigh daoine eile in Ultais nó i nGaeilge?

28. I measc na bhfoilseachán atá foilsithe cheana i nGaeilge nó in Ultais nó go dátheangach tá, doiciméid cheannlíne amhail cairteacha, pleananna corparáideacha agus scéimeanna comhionannais, chomh maith le doiciméid chomhairliúchán agus bileoga faisnéise. Foilsíodh achoimre i nGaeilge agus in Ultais de dhoiciméid mhóra ina raibh eochair-theachtaireachtaí.

Cad é mar is féidir liom doiciméad a shíniú scríofa i dteanga nach dtuigim?

29. Fanann an leagan Béarla de dhoiciméad ar bith foilsithe ag ranna ina leagan údarásach ar gach cúis. Is cóir leaganacha Béarla a fhoilsiú i gcónaí de dhréachtaí teanga i nGaeilge nó in Ultais atá íogaireach nó coimpléascach nó a mbeadh impleachtaí dlíthiúla leo. Is de cheart é, dá bhrí sin, an leagan Béarla amháin a shíniú.

Cad é mar a fhaighim doiciméad aistrithe go Gaeilge nó go hUltais?

30. Chun doiciméad a fháil aistrithe, nó chun ateangaire a chur san áireamh, gabh i dteagmháil leis an Aonad Comhionannais agus Iolrachais, Teach Ráth gCaol, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7NA. Teileafón 028 91858046.
31. Is scil é aistriúchán cáilíochta agus ba chóir do bhrainsí atá ag ullmhú doiciméad le heisiúint i nGaeilge nó in Ultais go leor ama a chur ar fáil don phróiseas. Má tá tú ag foilsiú doiciméad dátheangach/trítheangach labhair le do dhearthóir ag céim na pleanála faoi na roghanna.

Cad é an polasaí faoi chomharthaí in oifigí poiblí agus áiteanna eile?

32. Atreoraíodh an t-ábhar chuig RCEF, atá ag déanamh machnaimh ar líne chorparáideach.

Cad é ba chóir dom a dhéanamh faoi sheoltaí i dteangacha difriúla?

33. Bheadh sé ag cloí leis an Chairt leaganacha de sheoltaí i dteangacha eile nach Béarla iad a úsáid. Nuair a úsáideann custaiméir ainm sráide Ghaeilge nó Ultais dhleathach, ba chóir an leagan Gaeilge nó Ultaise a úsáid nuair atáthar ag déanamh comhfhreagrais nó le linn iarratais a phróiseáil. I gcásanna áirithe thioctadh gá a bheith ann leis an leagan Béarla a chur leis. A mhéad is féidir ba chóir foirmeacha eile Gaeilge nó Ultaise a úsáid sa seoladh nuair a d'úsáid an custaiméir é (mar shampla ainmneacha cathrach nó baile fearainn).
34. Nuair a dhéantar teagmháil i dtús báire, ba chóir d'oifigigh an dá leagan a úsáid i dtús, agus ansin leanúint ag úsáid na teanga a úsáideadh sa fhreagairt.

***AN CHAIRT EORPACH AR
THEANGACHA MIONLAIGH NÓ
RÉIGIÚNACHA
CÓD CÚIRTÉISE DON
GHAELGE***

Réamhrá

Is gá amharc ar éagsúlacht teanga mar ghnáthshaibhreas cultúrtha. Tá gach duine i dteideal measa agus cúirtéise, a dteanga féin san áireamh. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun an meas seo a chur in iúl go fiú mura mbítear in ann déileáil leis an duine ina rogha teanga.

Ba chóir d'oifigigh éirí cleachta leis na forálacha den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a bhaineann leis an Ghaeilge agus na himeachtaí a roghnaigh an Roinn seo chun iad a chur i bhfeidhm.

Ainmneacha Pearsanta

Tá sé de cheart dlíthiúil ag duine ainm ar bith is mian leis nó léi a ghlacadh – i mBéarla nó i dteanga ar bith eile. Níor chóir an ceart seo a cheistiú am ar bith. Má bhíonn aithne ar an duine go ginearálta leis an ainm sin, tá sé bailí do chríocha dlíthiúla aitheantais. Ach go bhfuil an chuma air nach leis an ainm sin a aithnítear é nó í, caithfidh meas a bheith ag foirne ar mhian duine ar bith atá ag iarraidh go n-aithneofaí iad leis an leagan Gaeilge dá n-ainm, agus ba chóir an t-ainm sin amháin a úsáid i ngnó oifigiúil. Nuair atá aithne ag duine trí ainmneacha i níos mó ná teanga amháin, déantar an dá ainm a thaifeadadh ar chomhaid chun na taifid a choinneáil le chéile.

Má thugann duine a ainm/a hainm i nGaeilge, agus go mbíonn deacracht ag an oifigeach atá ag déileáil leis an duine chun é a scríobh nó a fhuaimniú go fiú, ba chóir dóibh iarraidh ar an duine cuidiú leo.

Má bhíonn infhilleadh leis an ainm, níor chóir go mbeadh seo ina fhadhb. Is féidir le beagnach gach pacáiste bogearraí ríomhaireachta déileáil leis seo.¹

¹ Is féidir le gutaí síneadh fada bheith orthu, amháil leis an infhilleadh aige i bhFraincis. Leis sin féin, a mhalairt den Fhraincis, úsáidtear an síneadh fada ar cheann litir chomh maith. Nuair atáthar ag úsáid Microsoft Word, is féidir an síneadh fada a chur isteach tríd an eochair *Alt Gr* bhrú agus ansin an gúta atá i gceist. I gcás litreacha móra ba chóir an eochair *Shifta* bhrú chomh maith. Is féidir gach de na litreacha uile a fháil tríd an *Insert –Symbol* a úsáid.

Ba chóir gach iarracht a dhéanamh ainm duine a scríobh agus/nó a fhuaimiú mar is cuí. Ná bíodh aiféaltas ort cuidiú a iarraidh ón duine sin.

Agallaimh agus Cruinnithe ar bhonn Pearsanta

Má thosaíonn duine ag caint Gaeilge le foirne nach labhraíonn Gaeilge ba chóir duit seo a mhíniú agus rogha a thairiscint don duine:

- leanúint leis an agallamh/leis an chruinniú i mBéarla;
- barúil scríofa i nGaeilge a thabhairt
- coinne a chur in áirithe le haghaidh cruinnithe nuair atá ateangaire i láthair.

Má tá amhras ann, déan é a shoiléiriú gurb í an Ghaeilge an teanga atá i gceist.

Má thugann duine réamhfhógra gur mhaith leo Gaeilge a labhairt, ba chóir ateangaire a shocrú. Is féidir seo a dhéanamh tríd Lár-Sheirbhís Aistriúcháin SSTÉ, glaoigh ar Bhrainse Feidhmeanna Teangeolaíochta (028 90258979). Nó gabh i dteagmháil leis an Aonad Comhionannais agus Iolrachais ar 028 91858206 (folíne 68206).

Is féidir le hagallaimh earcaíochta bheith ina eisceacht don riachtanas ginearálta chun ateangaire a sholáthar, mar nár bh féidir scileanna cumarsáide riachtanach i mBéarla a thástáil mar is ceart ach gurb é an Béarla an meán oibre.

Má shocraítear cruinniú bí dearfa cinnte roimh ré go mbíonn an ateangaire ar fáil. Ná geall choíche seirbhís nach féidir leat a sholáthar.

Glaoch Teileafón

Má thosaíonn an scairteoir i nGaeilge thig leis an oifigeach freagra a thabhairt i nGaeilge (má labhraíonn siad í) nó i mBéarla. Mura labhraíonn

an t-oifigeach Gaeilge ba chóir dóibh sin a mhíniú agus malairtí le déileáil leis an ghlaoch a thairiscint. Thiocthadh le foirm de na focail a leanas bheith ina chuidiú:

“Gabh mo leithscéal ní thig liom tú a fhreagairt i nGaeilge. Ach is féidir liom na roghanna a leanas a thairiscint duit le déileáil le do ghlaoch. Tig leat:

- *leanúint leis an ghlaoch i mBéarla*
- *scríobh chugainn i nGaeilge*
- *bheith aistrithe chuig glórphost, áit a dtig leat teachtaireacht i nGaeilge a fhágáil.”*

Chun dul i dteagmháil leis an **ghlórphost** glaoigh ar – 028 90258971. Níl gá ann sa Chairt le glacadh le hiarratais ó bhéal agus iarratais scríofa ach i nGaeilge amháin. Níl dualgas ann freagra a thabhairt i nGaeilge ach tig le foirne a bhfuil Gaeilge acu seo a dhéanamh.

Táthar ag machnamh faoi láthair ar oiliúint athnuachana a sholáthar do chainteoirí Gaeilge laistigh den SSTÉ. Nuair atá cúrsa oiliúna cuí aimsithe tig le foirne a bheadh ábalta, agus toilteanach, glaoch teileafóin i nGaeilge a ghlacadh leas a bhaint as an oiliúint seo.

Gnáthaimh d’úsáid glórphost Gaeilge

Má théann scairteoir i dteagmháil le lasc-chlár lárnach nó roinn ar leith ag cur in iúl gur mhian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge, aistroidh an t-oifigeach nó cuirfidh sé an scairteoir i dtreoir an ghlórphoist Ghaeilge (028) 90258971. (Folíne inmheánach 58971)

Déanann oifigí ón Bhrainse Feidhmeanna Teangeolaíochta, An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta monatóireacht ar an ghlórphost.

Aistrefar teachtaireachtaí a fhaightear ar an toirt nó cuirfear ar aghaidh iad chuig ateangaire le haistriú.

Cuirfear fiosrúcháin aistrithe ar aghaidh chuig an roinn chuí/oifigeach le haghaidh gnímh.

TEACHTAIREACHT AR ÁIS GHLÓRPHOIST GAEILGE (I nGAEILGE)

“Tá fáilte romhat chuig Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Más mian leat teachtaireacht a fhágáil linn beidh duine i dteagmháil leat a luaithe is féidir. Tig leat do theachttaireacht a fhágáil i ndiaidh an toin. Le freastal ar an ghlaoch caithfidh tú an t-eolas a leanas a thabhairt dúinn:

- D'ainm
- Do sheoladh
- D'uimhir teileafóin lae
- Ainm an duine ar mhian leat dul i dteagmháil leis, má tá a fhios agat é
- Ainm na roinne ar mhian leat dul i dteagmháil léi, má tá a fhios agat í.
- Ábhar do ghnó

Déanfaimid iarracht dul i dteagmháil leat a luaithe is féidir ach má bhíonn an-phráinn le do ghnó moltar duit le dul i dteagmháil go díreach i mBéarla leis an roinn ar leith.

Comhfhreagras

Tugann an Chairt ar ranna glacadh le hiarratais scríofa i nGaeilge. Ag glacadh an aistriúcháin san áireamh, má shíltear nach mbeifear in ann freagra substainteach a sholáthar roimh an spriocdháta, ba chóir admháil a eisiúint, ag míniú go bhfuiltear ag aistriú na litreach agus go leanfaidh freagra substainteach. B'fhéidir chun comhartha dearfach a thabhairt thioctadh admháil i nGaeilge a eisiúint ag úsáid stocfhoclóireachta. Tá eiseamláir d'admháil iniata ag Aguisín 1 i mBéarla agus ag Aguisín 2 i nGaeilge.

Ní thugann an Chairt ar ranna comhfhreagras scríofa i nGaeilge a admháil nó freagra i nGaeilge a thabhairt air chomhfhreagras a fuair siad i nGaeilge, ach d'aontaigh an Grúpa Comhairleach Rannach ba chóir d'oifigigh, faoi réir costais agus luach ar airgead, ba chóir dóibh freagra i nGaeilge a eisiúint ag úsáid an Lár-Sheirbhís Aistriúcháin nuair is gá. Ba chóir aistriúcháin Bhéarla den bhunlitir agus an freagra a chur ar comhad. Chun dabht a sheachaint, mura mbíonn Gaeilge ag an oifigeach atá ag tabhairt freagra ar an chomhfhreagras is féidir leis/léi freagra sínithe i mBéarla a eisiúint. I gcás den chineál seo ba chóir leagan Béarla a chur leis an fhreagra i nGaeilge gan síniú. I ngach cás coinneofar cóip den chomhfhreagras i mBéarla ar comhad.

Aistriú Doiciméad go Gaeilge

Beadh sé ina dhea-chleachtas le cinntiú go bhfoilsítear eochaireolas i dteangacha eile nach Béarla iad. Nuair is féidir aimseofar doiciméid chuí agus aistreofar iad go forghníomhach ag oifigigh.

Ba chóir do Réimsí Gnó aistriúcháin doiciméad go Gaeilge a chur ar fáil:

- Nuair is dócha go mbeadh tábhacht ar leith leo do chainteoirí Gaeilge;
- Nuair is dócha go léifí agus go n-úsáidfí iad go ginearálta;
- Nuair a chuirfidh siad le cur chinn cinn, cothabháil agus cosaint na teanga.

Ba chóir do Réimsí Gnó machnamh a dhéanamh ar iarratas d'aistriúcháin, ag cur san áireamh na bpointí thuas agus luach ar airgead.

Is samplaí iad eochairdoiciméid, achoimre feidhmiúcháin, bileog eolais/bileog feasachta MTCanna doiciméid ar féidir machnamh a dhéanamh orthu chun iad a aistriú.

Más gá duit doiciméad a fháil aistrithe go Gaeilge gabh i dteagmháil leis an Aonad Comhionannais agus Iolrachais, Teach Ráth gCaol, Bóthar

Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7NA. Teileafón 028 91858206 (folíne 68206).

Is féidir le Réimsí Gnó bheith ag dúil le costais a n-aistriúchán féin a fochóna mbuiséid ranna.

Seoltaí

Leagann an tOrdú Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) (Tuaisceart Éireann) 1995 amach, go dtig le Comhairle Ceantair leagan d'ainm sráide i dteanga eile a chur taobh leis an ainm Béarla. Le teacht ar eolas cothrom le dáta ar ainmneacha nach Béarla iad atá glactha ag Comhairlí Ceantair gabh chuig http://www.osni.gov.uk/paper/dual_lang.html nó gabh i dteagmháil le Rachel McKane (rachel.mckane@osni.gov.uk). Nuair atá úsáid déanta as ainm sráide dleachtach Gaeilge ba chóir d'fhoirne an leagan Gaeilge a úsáid le linn freagra a thabhairt ar chomhfhreagras nó le linn iarratais a phróiseáil. Ba chóir an leagan Gaeilge agus Béarla a nótaíl ar thairfead oifigiúil.

Nuair atá tríú páirtí páirteach i.e. nuair atá gá le doiciméad a scrúdú (m.sh. ceadúnas tiomána) nó fógraithe (m.sh. iarratas pleanála) ba chóir an leagan Béarla chomh maith leis an leagan Gaeilge d'ainm na sráide a thaispeáint. Níl srianadh ar bith ar úsáid leaganacha Gaeilge de chodanna eile de sheoladh m.sh. baile fearainn, baile mór, contae, tír.

Nuair a dhéantar teagmháil i dtús báire, bheadh sé de réir mheon na Cairte an dá leagan a úsáid i dtús, agus ansin leanúint ag úsáid na teanga a úsáideadh sa fhreagairt. Déantar ranna agus comhlachtaí bainteacha a spreagadh chun an dá leagan a úsáid ina ndoiciméid agus ina bhfoilseacháin.

Fiosrúcháin agus Monatóireacht

Ba chóir fiosrúcháin faoin Treoir seo agus tuilleadh comhairle ar iarratais chun gnó (ó bhéal nó scríofa) a dhéanamh i nGaeilge a chur chuig an Aonad Comhionannais agus Iolrachais, Teach Ráth gCaol, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7NA. Teileafón 028 91858206 (folíne 28206).

Aguisín F

Department Of Finance and Personnel

Tel:
Fax:
email:

(Name)
(Department)
(Address)
(Address)
(Address)

(Date)

Dear

Thank you for your letter to dated

The matter is being dealt with and a reply will issue in due course.

Yours sincerely

(NAME)

Aguisín 2

An Roinn Airgeadais agus Pearsana

Teil:
Facs:
ríomhphost:

(Ainm)
(Roinn)
(Seoladh)
(Seoladh)
(Seoladh)

(Dáta)

A _____, a chara,

Go raibh maith agat as do litir chuigdar dáta.....

Táthar ag plé leis an ábhar agus eiseofar freagra in am agus i dtráth.

Is mise le meas

(AINM)

***AN CHAIRT EORPACH AR
THEANGACHA MIONLAIGH NÓ
RÉIGIÚNACHA
CÓD CÚIRTEISE DON ULTAIS***

Réamhrá

Is gá amharc ar éagsúlacht teanga mar ghnáthshaibhreas cultúrtha. Tá gach duine i dteideal measa agus cúirtéise, a dteanga féin san áireamh. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun a meas seo a chur in iúl go fiú mura mbítear in ann déileáil leis an duine ina rogha teanga.

Ba chóir d'oifigigh éirí cleachta leis na forálacha den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a bhaineann le hUltais agus na himeachtaí a roghnaigh an Roinn seo chun iad a chur i bhfeidhm.

Ainmneacha Pearsanta

Tá sé de cheart dlíthiúil ag duine ainm ar bith is mian leis nó léi a ghlacadh – i mBéarla nó i dteanga ar bith eile. Níor chóir an ceart seo a cheistiú am ar bith. Má bhíonn aithne ar an duine go ginearálta leis an ainm sin, tá sé bailí do chríocha dlíthiúla aitheantais. Ach go bhfuil an chuma air nach leis an ainm sin a aithnítear é nó í, caithfidh meas a bheith ag foirne ar mhian duine ar bith atá ag iarraidh go n-aithneofaí iad leis an leagan Ultaise dá n-ainm, agus ba chóir an t-ainm sin amháin a úsáid i ngnó oifigiúil. Nuair atá aithne ag duine trí ainmneacha i níos mó ná teanga amháin, déantar an dá ainm a thaifeadadh ar comhaid chun na taifid a choinneáil le chéile.

Má thugann duine a ainm/a hainm in Ultais, agus go mbíonn deacracht ag an oifigeach atá ag déileáil leis an duine chun é a scríobh nó a fhuaimniú go fiú, ba chóir dóibh iarraidh ar an duine cuidiú leo.

Má bhíonn infhilleadh leis an ainm, níor chóir go mbeadh seo ina fhadhb. Is féidir le beagnach gach pacáiste bogearraí ríomhaireachta déileáil leis seo.²

² Úsáideann cuid de chóras litriú na hUltaise aiceann chun infhilleadh a chur in iúl. Nuair atáthar ag úsáid Microsoft Word, is féidir an infhilleadh a chur isteach tríd an eochair *Alt Gr* a bhrú agus ansin an gúta atá i gceist. I gcás litreacha móra ba chóir an eochair *Shift* a bhrú chomh maith. Is féidir gach de na litreacha uile a fháil tríd an *Insert –Symbol* a úsáid.

Agallaimh agus Cruinnithe ar bhonn Pearsanta

Laistigh de mheon na Cairte déantar ranna agus comhlachtaí bainteacha a spreagadh chun soláthar d'agallaimh agus do chruinnithe. Leis sin féin níltear in ann, de ghnáth, cruinnithe ar bhonn pearsanta a éascú in Ultais toisc an deacracht le cinntiú go mbíonn ráthú caighdeáin cuí d'ateangairí.

Glaoch Teileafón

Má thosaíonn an scairteoir in Ultais chuig leis an oifigeach freagra a thabhairt in Ultais (má labhraíonn siad í) nó i mBéarla. Mura labhraíonn an t-oifigeach Ultais ba chóir dóibh sin a mhíniú agus malairtí le déileáil leis an ghlaoch a thairiscint. Thiocfadh le foirm de na focail a leanas bheith ina chuidiú:

“Gabh mo leithscéal ní thig liom freagra in Ultais a thabhairt duit. Ach is féidir liom na roghanna a leanas a thairiscint duit le déileáil le do ghlaoch.

Tig leat:

- *leanúint leis an ghlaoch i mBéarla*
- *scríobh chugainn in Ultais*
- *bheith aistrithe chuig glórphost, áit a dtig leat teachtaireacht a fhágáil in Ultais.”*

Chun dul i dteagmháil leis an **ghlórphost** glaoigh ar – 028 90258924. Cé na dtugann an Chairt an gá le hiarratais ó bhéal in Ultais a ghlacadh, cuireann seo an deis ar fáil chun an teanga a spreagadh agus a chur chun cinn laistigh de Chuid II den Chairt.

Gnáthaimh d'úsáid glórphost Ultaise

Má théann scairteoir i dteagmháil le lasc-chlár lárnach nó roinn ar leith ag cur in iúl gur mhian leo a ngnó a dhéanamh in Ultais, aistroidh an t-oifigeach nó cuirfidh sé an scairteoir i dtreoir an ghlórphoist Ultaise (028) 902-58924. (Folíne inmheánach 58924)

Déanann oifigí ón Bhrainse Feidhmeannaigh Teangeolaíochta (BFT), An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta monatóireacht ar an ghlórphost.

Aistreofar teachtaireachtaí a fhaightear ar an toirt nó cuirfear ar aghaidh iad chuig ateangaire le haistriú.

Cuirfear fiosrúcháin aistrithe ar aghaidh chuig an roinn chúí/oifigeach le haghaidh gnímh.

TEACHTAIREACHT AR ÁIS GHLÓRPHOIST ULTAISE (IN ULTAIS)

“Tá fáilte romhat chuig Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Más mian leat teachtaireacht a fhágáil linn beidh duine i dteagmháil leat a luaithe is féidir. Tig leat do theachtairacht a fhágáil i ndiaidh an toin. Le freastal ar an ghlaoch caithfidh tú an t-eolas a leanas a thabhairt dúinn:

- D'ainm
- Do sheoladh
- D'uimhir teileafóin lae
- Ainm an duine ar mhian leat dul i dteagmháil leis, má tá a fhios agat é
- Ainm na roinne ar mhian leat dul i dteagmháil léi, má tá a fhios agat í.
- Ábhar do ghnó

Déanfaimid iarracht dul i dteagmháil leat a luaithe is féidir ach má bhíonn an-phráinn le do ghnó moltar duit le dul i dteagmháil go díreach i mBéarla leis an roinn ar leith.

Comhfhreagras

Ní thugann an Chairt ar ranna comhfhreagras scríofa in Ultais a ghlacadh, ach bheadh sé le meon na Cairte glacadh leis seo. Toisc an deacracht le cinntiú go mbíonn ráthú caighdeáin cuí d'ateangairí, d'fhéadfaí nach mbeadh sé indéanta i gcónaí freagra in Ultais a thabhairt. B'fhéidir chun

comhartha dearfach a thabhairt thioctadh admháil in Ultais a eisiúint, ar a laghad, ag úsáid stocfhoclóireachta. Tá eiseamláir d'admháil iniata ag Aguisín 1 i mBéarla agus ag Aguisín 2 in Ultais.

Is féidir tuilleadh eolais a iarraidh ón Lár-Sheirbhís Aistriúcháin SSTÉ, glaigh ar Bhainse Feidhmeanna Teangeolaíochta (028 90258979). Nó gabh i dteagmháil leis an Aonad Comhionannais agus Iolrachais ar 028 91858206.

Aistriú Doiciméad go hUltais

Beadh sé ina dhea-chleachtas le cinntiú go bhfoilsítear eochaireolas i dteangacha eile nach Béarla iad. Nuair is féidir aimseofar doiciméid chuif agus aistrefar iad go forghníomhach ag oifigigh.

Ba chóir do Réimsí Gnó aistriúchán doiciméad go hUltais a chur ar fáil:

- Nuair is dócha go mbeadh siad ina n-ábhair thábhacht ar leith do chainteoirí Ultaise;
- Nuair is dócha go léifear agus go n-úsáidfear iad go ginearálta;
- Nuair a chuirfidh siad le cur chinn cinn, cothabháil agus cosaint na teanga.

Ba chóir do Réimsí Gnó machnamh a dhéanamh ar iarratas d'aistriúchán, ag cur san áireamh na pointí thuas agus luach ar airgead.

Is samplaí iad eochair-dhoiciméid, achoimre feidhmiúcháin, bileog eolais/bileog feasachta MTCanna ar féidir machnamh a dhéanamh orthu chun iad a aistriú.

Más gá duit doiciméad a fháil aistrithe go hUltais gabh i dteagmháil leis an Aonad Comhionannais agus Iolrachais, Teach Ráth gCaol, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7NA. Teileafón 028 91858206 (folíne 28206).

Is féidir le Réimsí Gnó bheith ag dúil le costais a n-aistriúchán féin a íoc óna mbuiséid ranna.

Seoltaí

Leagann an tOrdú Rialtas Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) (Tuaisceart Éireann) 1995 amach, go dtig le Comhairle Ceantair leagan d'ainm sráide i dteanga eile a chur taobh leis an ainm Béarla. Le teacht ar eolas cothrom le dáta ar ainmneacha nach Béarla iad atá glactha ag Comhairlí Ceantair gabh chuig http://www.osni.gov.uk/paper/dual_lang.html nó gabh i dteagmháil le Rachel McKane (rachel.mckane@osni.gov.uk). Nuair atá úsáid déanta ag duine as ainm sráide dleachtach Ultaise ba chóir d'fhoirne an leagan Ultaise a úsáid le linn freagra a thabhairt de chomhfhreagras nó le linn iarratais a próiseáil. Ba chóir an leagan Ultaise agus Béarla a nótáil ar an taifead oifigiúil.

Nuair atá tríú páirtí páirteach m.sh nuair atá gá le doiciméad a scrúdú (m.sh. ceadúnas tiomána) nó fógraithe (m.sh. iarratas pleanála) ba chóir an leagan Béarla chomh maith leis an leagan Ultaise d'ainm na sráide a thaispeáint. Níl srianadh ar bith ar úsáid leaganacha Ultaise de chodanna eile de sheoladh m.sh. baile fearainn, baile mór, contae nó tír.

Nuair a dhéantar teagmháil i dtús báire, bheadh sé de réir mheon na Cairte an dá leagan a úsáid i dtús, agus ansin leanúint ag úsáid na teanga a úsáideadh sa fhreagairt. Déantar ranna agus comhlachtaí bainteacha a spreagadh leaganacha an dá theanga a úsáid ina ndoiciméid agus ina bhfoilseacháin.

Fiosrúcháin agus Monatóireacht

Ba chóir fiosrúcháin faoin Treoir seo agus tuilleadh comhairle ar iarratais chun gnó (ó bhéal nó scríofa) a dhéanamh in Ultais a chur chuig an Aonad Comhionannais agus Iolrachais, Teach Ráth gCaol, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7NA. Teileafón 028 91858206 (folíne 28206).

Aguisín 1

An Roinn Airgeadais agus Pearsanra

Teil:
Facs:
ríomhphost:

(Ainm)
(Roinn)
(Seoladh)
(Seoladh)
(Seoladh)

(Dáta)

A

Go raibh maith agat as do litir chuig dar dáta

Táthar ag plé leis an ábhar seo agus eiseofar freagra in am is i dtráth.

Is mise le meas,

(AINM)

Aguisín 2

Männystrie o Siller an Fowk Guideship

Teil:

Facs:

ríomhphost:

(Ainm)

(Roinn)

(Seoladh)

(Seoladh)

(Seoladh)

(Dáta)

..... , guid freen,

Monie thanks fur yer lettèr tae o tha date

.....

Tha mettèrs noo in haun an ye shud hae an answer afore owre lang.

Wi an aefauld hairt,

(AINM)